Tuairisc Ghrúpa Piar Athbhreithnithe

Do:

Roinn na Gaeilge,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath.

Aibreán 2006

1.Clár na nÁbhar

1. Clár na nÁbhar 2
2. Gluais 4
3. Achomaire ar na Príomh-mholtaí 5
4. Réamhrá 7
   4.1. Baill an Ghrúpa Piar Athbhreithnithe 7
   4.2. Cur Chuige 7
   4.3. Cuairt an GPA 7
   4.4. Buíochas 8
5. An Tuarascáil Féinmheasúnaithe 12
6. Tuairisc agus Moltaí an GPA 13
7. Aidhm na Roinne 14
   7.1. Aidhm sa Phobal Mór 14
   7.2. Aidhm i bPobal an Choláiste 14
   7.3. Aidhm i Measc na Mac Léinn 15
8. Feidhm na Roinne 16
   8.1. Foireann 16
   8.2. Mic Léinn 17
   8.3. Cúrsaí Léinn 17
   8.4. Taighde 18
   8.5. An Coláiste 18
9. Na Cúrsaí Léinn 19
   9.1. Foireann 19
   9.2. Cur i bhFeidhm na gCúrsaí 19
   9.3. Stiúradh na gCúrsaí 20
   9.4. Ábhar na gCúrsaí 20
   9.5. Cúrsaí Gaeltachta 22
   9.6. Mic Léinn ón nGaeltacht 22
   9.7. Naisc le Foireann Churaclam na Gaeilge 22
10. Cumarsáid agus Teagmháil 23
   10.1. Cumarsáid leis an bPobal Mór 23
   10.2. Cumarsáid le Pobal Iomlán an Choláiste 23
   10.3. Cumarsáid le Roinn an Oideachais; le Foireann Churaclam na Gaeilge go hÁirithe 24
   10.4. Cumarsáid Inmhéanach idir Baill na Roinne 24
   10.5. Cumarsáid le Baill Pháirtaimseartha na Roinne 25
   10.6. Cumarsáid le Mic Léinn na Gaeilge Trí Chéile 25
   10.7. Cumarsáid leis na Mic Léinn Iarchéime 26
   10.8. Cumarsáid le Mic Léinn an Chúrsa Dioplóma 26
   10.9. Cumarsáid le Mic Léinn na Gaeilge Acadúla 26
   10.10. Cumarsáid le Mic Léinn na Gaeilge Gairmiúla 26
   10.11. Moltaí 27
   10.12. Cumarsáid le Mic Léinn Eachtrannacha 27
   10.13. Cumarsáid leis an Lucht Léinn ina Iomláine 27

11. Dearbhú Cáilíochta agus Feabhais 28
11.1. Freagrachtaí 29
11.2. Polasaithe agus Cleachtais 29
11.3. Eolas a Chuirtear ar Fáil 29
11.4. Inniúlacht na Foirne Chun a cuid Freagrachtaí agus Dualgas a Chomhlíonadh 30
11.5. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Pholasaithe agus Chleachtais 30
11.6. Monatóireacht ar na Cúrsaí a Mhúintear 30
11.7. Cruinnithe Foirne 31

2.Gluais

Seo iad na giorrúcháin a mbaintear leas astu sa cháipéis:

GPA	An Grúpa Piar Athbhreithnithe.
TF	An Tuarascáil Féinmheasúnaithe.
PSR	Plean Straitéise na Roinne.

3.Achomaire ar na Príomh-mholtaí

- Cúigear nó seisear teagascóirí teanga a fhostú ar bhonn lánaimseartha le buanaíocht agus leanúnachas a dheimhniú don Roinn agus do na mic léinn.
- Beirt chomhordaitheoirí a cheapadh a bheadh freagrach as an nGaeilge Acadúil agus as an nGaeilge Ghairmiúil.
- Riarthóir a cheapadh do Theanglann na Gaeilge.
- Oifigeach lánaimseartha nó eagraí sóisialta lánaimseartha a fhostú le tacú le himeachtaí sa Seomra Caidrimh.
- Struchtúr gairme cuí a chur i bhfeidhm sa Choláiste a bheadh ag teacht leis na cleachtais a fheidhmíonn in institiúidí tríú leibhéal eile.
- Teanglann ar leith do Roinn na Gaeilge amháin.
- Oifig aonair do Rúnaí na Roinne.
- Líon na mac léinn sna buíonta teagaisc a laghdú.
- Breathnú ar fhoirmlí a laghdódh líon na léachtaí agus a mhéadódh ar líon na seimineár le go gcuirfí le scileanna cumarsáide lucht na céad bhliana go sonrach.
- Breathnú ar dhianchúrsa teanga amháin a mhúineadh sa chéad chúpla seachtain den chéad bhliain nó breathnú ar chúrsa teanga roimh thús an chúrsa nó thar roinnt deirí seachtaine.
- Béim bhreise a chur ar shealbhú agus ar labhairt na teanga sa chéad bhliain go háirithe.
- Leasú ar mheasúnóireacht sa Dara Bliain den Ghaeilge Ghairmiúil.
- Breis deiseanna neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do labhairt na teanga.
- Córas comhairleoireachta a chur i bhfeidhm do mhic léinn le cuidiú le cur lena gcuid scileanna teanga.
- Tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn le níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin.
- Forbairt a dhéanamh ar chúrsaí agus ar áiseanna féinteagaisc.
- Cur le háiseanna na Roinne leis an teagasc féin-riartha a éascú
- An córas “oide pearsanta” a leathnú amach.
- Ceangal i bhfad níos doichte a bheith idir Roinn na Gaeilge agus na cúrsaí Gaeltachta.
- Cúram ar leith a dhéanamh do mhic léinn Gaeltachta le béim ar shaibhriú teanga.
- Ceistneoirí a dháileadh ar mhic léinn i dtreo dheireadh gach cúrsa agus gach modúil a mhúintear agus go gcinnteofaí freagraí ar bhealach struchtúrtha.

- Monatóireacht a dhéanamh ar athruithe sa chlár léinn lena chinntiú nach dtairgítear cúrsaí atá an-chosúil le chéile in aon bhliain amháin ag leibhéil éagsúla.
- Cur síos soiléir a bheith ar gach grád (A, B, C, D, etc.) agus ar gach cineál measúnaithe (m.sh. aistí, obair teanga idir scríofa agus labhartha), agus na tuairisceoirí grád seo a bheith le fáil sna hEolairí do gach bliain.
- Iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna measúnaithe ina gcuirfí rannpháirtíocht i seimineáir teanga, obair chúrsa, tionscadail agus aistí taighde san áireamh.
- Coiste cumarsáide a bhunú idir an fhoireann agus mic léinn a thiocfadh le chéile ar a laghad uair amháin gach seimeastar, agus miontuairiscí a choinneáil de na cruinnithe agus iad a chur ar fáil ar chlár fógraí na mac léinn.
- Forbairt a dhéanamh ar úsáid ríomhphoist agus ar shuíomh greasáin na Roinne.
- Plé níos rialta a bheith ar cheisteanna a bhaineann le cúrsaí pleanála agus straitéise ag cruinnithe foirne na Roinne.
- Miontuairiscí chruinnithe cumarsáide na mac léinn agus na foirne, toradh ceistneoirí agus pléghrúpaí, foirmeacha monatóireachta na gcúrsaí léinn a phlé ag na cruinnithe Roinne.
- Breithmheas rialta ar obair na foirne chun dul chun cinn agus riachtanais na foirne a mheas.
- Cúrsaí inseirbhíse a reachtáil don lucht teagaisc páirtaimseartha.
- Tuairisc scríofa a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Seachtrach gach bliain, agus an tuairisc sin a choinneáil ar thaifead sa Roinn.
- Fochoiste a bhunú le teacht ar bhealaí le naisc a threisiú idir an Roinn agus foireann churaclam na Gaeilge.
- Fochoiste a bhunú le teacht ar bhealaí le cumarsáid a éascú idir an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha.
- Fochoiste a bhunú le teacht ar bhealaí le cumarsáid a éascú idir an Roinn agus na mic léinn agus córas ionadaithe mac léinn cuí a chur ar bun.

4.Réamhrá

4.1. Baill an Ghrúpa Piar Athbhreithnithe

- Celia Keenan,
  Roinn an Bhéarla, Coláiste Phádraig.
- Máire Ní Neachtain,
  Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- An tOllamh Daithí Ó hÓgáin,
  Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- An tOllamh Roibeard Ó Maolalaigh,
  Roinn na Ceiltise, Ollscoil Glaschú

4.2. Cur Chuige

- Scrúdaigh na baill Tuarascáil Féinmheasúnaithe Roinn na Gaeilge (TF) roimh teacht go Coláiste Phádraig dóibh.
- Chaith an Grúpa Piar Athbhreithnithe (GPA) ó thráthnóna an 27 Feabhra go dtí tráthnóna an 2 Márta i gColáiste Phádraig ag bualadh le daoine agus le grúpaí leasmhara, ag plé a dtuiscintí féin ar an TF agus ag deimhniú agus ag soiléiriú pointí a tháinig chun cinn sa phlé agus ón léirmheas ar an TF.
- Tugadh tuairisc ó bhéal do bhaill lánaimseartha na Roinne agus do stiúrthóir an Choiste um Chothú Feabhais ar thorthaí na cuairte.
- Cuireadh tuairisc scríofa agus moltaí i dtoll a chéile le linn na Márta agus an Aibreáin.

4.3. Cuairt an GPA

Tháinig an GPA le chéile ar thráthnóna an 27 Feabhra le bualadh go neamhfhoirmiúil le baill lánaimseartha Roinn na Gaeilge, agus le roinnt baill de Choiste um Chothú Feabhais, Choláiste Phádraig. Bhí cruinniú gairid acu féin leis an sceideal oibre agus ama a aontú.

- Ceapadh Máire Ní Neachtain mar chathaoirleach.
- Ceapadh Roibeard Ó Maolalaigh mar thuairisceoir.

Bhuail an GPA mar aon bhuíon amháin le baill lánaimseartha na foirne ina nduine is ina nduine leo féin, le roinnt den fhoireann pháirtaimseartha mar aon ghrúpa amháin, le hionadaithe ranga ó gach bliain agus ó gach cúrsa léinn, an dá bhunchéim agus an iarchéim san áireamh, le lucht riaracháin idir fhoireann tacaíochta agus udaráis, agus tugadh cuairt ar an Leabharlann, an Teanglann, an Seomra Caidrimh agus an Trealamhlann.

Bhí an clár an-lán agus ba thrua gurbh éigean brostú ó am go ham, ach fós féin bhí an GPA sásta gur tugadh deis chainte do gach duine aonair ar mhian leis / léi labhairt leis an nGrúpa. Ar bhonn randamach a haimsíodh na mic léinn, fograíodh go raibh athbhreithniú ar bun agus go raibh fáilte roimh ionchur na mac léinn. Chuir mic léinn iad féin i láthair go fonnmhar agus go hoscailte ach de bharr an líon beag a tháinig (c. dáréag) ba dheacair breith a thabhairt ar cé chomh hiondaíoch agus a bhí na tuairimí a cuireadh chun cinn. Ba thrua leis an nGPA nár bhuail siad le haon mhic léinn ón gcúrsa dioplóma san oideachas.

4.4. Buíochas

Is mian leis an nGPA a mbuíochas a chur in iúl do fhoireann agus do mhic léinn Choláiste Phádraig as an bhfáilte a fearadh romhainn, an comhoibriú a tugadh agus an díogras a léiríodh i leith na tuairisce.

Tá buíochas ar leith tuillte ag an Dr. Ciarán Mac Murchaidh as a chuid ama agus a chuid tacaíochta. Bhí an Dr. Daire Keogh ar fáil an fhad a bhíomar i láthair. Rinne Sharon King gach ar iarradh uirthi ar an bpointe agus le fonn.

Chuidigh an triúr acu go háirithe leis an obair a chur chun cinn.

Dé Luain 27 Feabhra, 2006: Seisiún Tosaigh

17.30	**Teacht le chéile an Ghrúpa Athbhreithnithe: caife/tae** **Cur i láthair ón gComhordaitheoir um Ghnóthaí Feabhais** (*An Seomra Caidrimh*)
18.15	**Cruinniú gearr le hionadaithe na Roinne chun an sceideal deiridh a dheimhniú (AT & CMM)** (*Proinnteach Belvedere*)
19.30	**Dinnéar** (*Chilli Banana*)

Dé Máirt 28 Feabhra, 2006

09.00–09.30	**Teacht le chéile an Ghrúpa Athbhreithnithe**
09.30–11.00	**Plé ar an Tuarascáil Féinmheasúnaithe** *(Proinnteach Belvedere)*
11.00–11.30	**Caife/Tae (***Leabharlann Belvedere*)
11.30–13.00	**Cruinnithe le baill aonair Roinne** **(***Proinnteach Belvedere*)
11.30	Dr. Uáitéar Mac Gearailt
11.45	Dr. Ciarán Ó Coigligh
12.00	Dr. Pádraig de Paor
12.15	Éanna Mac Cába
12.30	Dr. Ciarán Mac Murchaidh
13.00–14.00	**Lón** *(Ceaintín)*

Ar lean.

14.00–15.00	**Cruinnithe le baill aonair Roinne** (*Proinnteach Belvedere*)
14.00	Gearóidín Uí Laighléis
14.15	Dr. Máirín Nic Eoin
14.30	Dr. Ríóna Ní Fhrighil
14.45	Breandán Ó Conaire
15.30–16.30	**Cruinnithe le hionadaithe na mac léinn** (*Proinnteach Belvedere*) Lucht Bhliain 1, 2 & 3 (idir BA & BOid.) móide lucht iarchéime.

Dé Céadaoin 1 Márta, 2006

09.00–09.30	**Teacht le chéile an Ghrúpa Athbhreithnithe**
09.30–10.00	**Cruinniú leis an gCeann Roinne** *(Proinnteach Belvedere)*
10.00–10.30	**Cruinniú le hUachtarán, le Sparánaí agus le Cláraitheoir an Choláiste** (*Proinnteach Belvedere*)
10.30–11.00	**Caife/Tae (***Leabharlann Belvedere*)
11.00–12.00	**Cruinniú le baill na foirne páirtaimseartha** (*Proinnteach Belvedere*)
12.00–13.00	**Cruinniú le hionadaithe na Leabharlainne agus na Foirne Riaracháin** (*Proinnteach Belvedere*)
12.00	Máire Ní Uiginn, Rúnaí Roinn na Gaeilge
12.20	Órla Nic Aodha, Leabharlannaí Cúnta
12.40	Mary McMahon, Oifigeach Sinsearach, Oifig an Chláraitheora
13.00–14.00	**Lón** (*Ceaintín*)
14.00–17.00	**Dréacht-tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe á hullmhú** (*Proinnteach Belvedere*)

Déardaoin 2 Márta, 2006

09.00–09.30	**Teacht le chéile an Ghrúpa Athbhreithnithe**
09.30–11.00	**Dréacht-tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe á hullmhú** (*Proinnteach Belvedere*)
11.00–11.30	**Caife/Tae** (*Leabharlann Belvedere*)
11.30–13.00	**Dréacht-tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe á hullmhú** (*Proinnteach Belvedere*)
13.00–14.00	**Lón** (*Ceaintín*)
14.00–16.30	**Cur i láthair scoir an Ghrúpa Athbhreithnithe á réiteach agus á dheimhniú**
16.30–17.00	**Cur i láthair scoir an Ghrúpa Athbhreithnithe os comhair na Roinne**

5.An Tuarascáil Féinmheasúnaithe

Ba mhór an chabhair an TF don GPA. Bhí an t-eolas leagtha amach go soiléir agus ba mhaith mar threoir í sna comhráití le foireann agus mic léinn na Roinne. Lorgaíodh agus cuireadh ar fáil roinnt eolas breise maidir le measúnóireacht, torthaí, sceideal agus téamaí léachtaí.

Ba thrua leis an nGPA nach raibh fáil ar aon tuairisc ó aon Scrúdaitheoir Seachtrach.

6.Tuairisc agus Moltaí an GPA

Chinn an GPA díriú ar cheithre mhór réimse mar go raibh teorainn lena bhféadfaí a chur i gcrích de bharr cúrsaí ama agus sceidil. Pléifear anseo thíos iad agus déanfar moltaí le linn an phléite.

1. Aidhm agus Feidhm na Roinne.
2. Na Cúrsaí Léinn.
3. Cumarsáid agus Teagmháil.
4. Dearbhú Cáilíochta agus Feabhais.

7.Aidhm na Roinne

7.1. Aidhm sa Phobal Mór

“Barr feabhais leanúnach a bhaint amach i dteagasc na teanga agus i léann na Gaeilge” atá leagtha síos ag Roinn na Gaeilge di féin i ráiteas misin na Roinne (TF 11). Tá acadúlaigh den scoth sa Roinn, dar leis an nGPA, agus iad ag baint le héagsúlacht gnéithe de theagasc agus de léann na Gaeilge – gnéithe a chlúdaíonn raon leathan ag síneadh ó stair agus déanamh na teanga Gaeilge thar thréimhsí uile na litríochta anuas chomh fada le, agus i bpáirt le, saothrú na Gaeilge ar leibhéil éagsúla agus ar iliomad bealach i saol an lae inniu.

7.2. Aidhm i bPobal an Choláiste

Ba dhíol suntais don GPA, leis, an tuiscint sa ráiteas misin (TF11) ar an tairbhe a bheadh le baint as comhtháthú shaothar na Roinne le misean oideachais Choláiste Phádraig trí chéile. Tuigeann an GPA go bhfuil deacrachtaí nádúrtha ag baint le forleathnú dá leithéid i gColáiste arbh é a bhunchúram múinteoirí maithe a chur ar fáil do na bunscoileanna i bpobal na hÉireann mar atá faoi láthair.

Thairis sin, mar is feasach go maith, baineann deacrachtaí thar an meán le cúram na Gaeilge sna bunscoileanna. Moltar, áfach, go bhféachfaí ar dheacrachtaí dá leithéid mar dhúshlán, mar gur comhlánú ar fheidhm na Gaeilge féin páirt na múinteoireachta sa phobal. Díreach mar atá gá ag an nGaeilge le saibhreas cultúir maith fadghabhálach a bheith inti, tá gá ag an bpobal le páistí scoile a bheith ag sealbhú an chultúir sin go rábach.

Is cuid inmhianaithe d’oiliúint na múinteoirí, mar sin, eolas maith a bheith acu ar speictream an chultúir. Nuair a éiríonn le Roinn na Gaeilge, mar atá ag éirí léi, an chéad dul amach ar an speictream sin a thabhairt do na mic leinn trí shúile nó trí ‘dhioscúrsa’ na Gaeilge, is iomlánú agus is cuidiú ar staidéar na Gaeilge gach teagmháil a dhéantar ina dhiaidh sin ar bhóthar na foghlama. Molann an GPA, mar sin, an dearcadh dearfach muiníneach atá léirithe i ráiteas misin na Roinne maidir leis an aidhm seo.

7.3. Aidhm i Measc na Mac Léinn

Is deacair don Roinn “barr feabhais leanúnach” (TF 11) a bhaint amach ó thaobh soláthár do na mic léinn de mar gheall ar líon rómhór scoláirí a bheith sna buíonta teagaisc agus go gcaitear an clár léinn a chur i bhfeidhm le béim ar léachtaí seachas ar sheimineáir agus ranganna ar chruinneas teanga de bharr an méid foirne atá ar fáil.

Is díol spéise leis an nGPA, an mian a thaispeántar sa ráiteas misin spreagadh agus cúnamh a thabhairt d’imeachtaí Gaeilge i saol na mac léinn trí chéile (TF 11). Leagadh béim arís is arís eile sna hagallaimh le baill foirne ar an aidhm timpeallacht Ghaelach a chur ar fáil i ngnáthshaol an Choláiste. Chuaigh intinn údaráis an Choláiste i dtaca leis an aidhm seo de i bhfeidhm ar an nGPA, agus tugadh faoi deara an t-atmasféar Gaelach a bhí le brath go ginearálta. Moltar go leanfaí de na hiarrachtaí atá á ndéanamh ón taobh seo de, agus go gcuirfí leo.

8.Feidhm na Roinne

Roinn bhisiúil í Roinn na Gaeilge sa Choláiste seo. Tá páirt mhór á glacadh aici i saol Choláiste Phádraig, í rannpháirteach i gcláir léinn ar gach leibhéal agus sa saol acadúil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá diongbháilteacht ann maidir le cúrsaí inseirbhíse leis.

8.1. Foireann

Bunbhua na Roinne is ea na hacmhainní daonna atá inti - feabhas na foirne mar mhúinteoirí agus mar threoraithe ag na mic léinn, agus mar dhíograiseoirí i saothrú an léinn agus i gcúis an chultúir. Foireann fhuinniúil scóipiúil phroifisiúnta atá sa Roinn agus ardchéim bainte amach ag cuid acu ag baile agus i gcéin. Is beag foireann eile in institiúid oideachais in Éirinn a bhfuil an oiread céanna foilseachán ar ardchaighdeán le maíomh acu. Tá baill foirne éagsúla chun tosaigh ó thaobh na teangeolaíochta, ó thaobh na litríochta idir shean is nua, ó thaobh an bhéaloidis, ó thaobh stair na Gaeilge agus na staire cultúrtha i gcoitinne, agus ó thaobh na léirmheastóireachta ar litríocht is ar ealaíon. Ábhair iad siúd ar fad a bhfuil tábhacht leo in oiliúint mhúinteoirí an lae inniu don aos óg. Tá beirt scríbhneoirí cruthaitheacha cáiliúla Gaeilge ina mbaill shinsearacha den fhoireann, iad ag cloí le traidisiún fada an Choláiste sa scríbhneoireacht.

Tá Roinn na Gaeilge le moladh go mór ó thaobh líon na mac léinn a bhfuiltear ag freastal orthu. Is fiú a thabhairt faoi deara an méid atá luaite sa TF faoin méadú as cuimse atá i gceist, go bhfuil 'fás agus borradh dochreidte' tagtha (TF12). Níl aon dabht ná go gcuireann seo brú oibre nach beag ar an bhfoireann, ach ar a shon sin bhí an GPA moltach faoin dúthracht, an dásacht, agus an flosc chun na hoibre a léirigh an fhoireann. Tá sprid an oideachais le brath ar *ethos* na Roinne. Tagrófar thíos don ghá atá le breis acmhainní a chur ar fáil chun a cheart a thabhairt don díograis seo. Moltar d'údaráis an Choláiste iarracht faoi leith a dhéanamh chun misniú a dhéanamh ar gach ball foirne ina réimse féin agus chun comhluadar an léinn a choimeád in uachtar.

Is léir go bhfuil comhoibriú, comhthacaíocht, agus comthuiscint idir baill éagsúla na foirne. Is mór an chabhair i dtaca leis seo Ceann Roinne agus Rúnaí Roinne chomh héifeachtach a bheith acu. Tá moladh mór ag dul don Cheann Roinne as an tsaoirse a thugann sé do na baill foirne a n-inchur speisialta féin a chur isteach sna cúrsaí teagaisc agus dul i mbun a dtaighde féin chun na críche seo agus chun críche an léinn i gcoitinne. Bíonn an Ceann Roinne, ag misniú na foirne i leith nua-chúrsaí a dhréachtadh, agus bealaí nua múinteoireachta a cheapadh is a chur i bhfeidhm.

Is de bharr dea-thola agus comhoibriú fial na foirne a éiríonn leis an Roinn a cuid dualgas ó thaobh teagaisc, riaracháin agus taighde a chur i gcrích. D'aithin an GPA go bhfuil práinn ar leith ag roinnt le struchtúr gairme cuí a chur i bhfeidhm sa Choláiste a bheadh ag teacht leis na cleachtais a fheidhmíonn in institiúidí tríú leibhéal eile. Pléadh an cheist seo le hUachtarán an Choláiste agus cuireadh béim ar a thromchúisí is atá sí.

8.2. Mic Léinn

Thuig an GPA go dtéann feabhas na foirne ó thaobh pearsantachta agus intleachta i bhfeidhm ar na mic léinn, go dtuigeann na mic léinn go bhfuil léachtóirí agus múinteoirí ardréime acu, agus gur fearrde oiliúint na mac léinn iad a bheith ag staidéar i dtimpeallacht fhiúntach fháilteach dá leithéid. Acmhainn mhór is ea mic léinn chumasacha, faoi mar atá anseo, a bheith ar fáil, do mhéadú bhua na Roinne agus do mhéadú na comaoine a chuireann an fhoireann orthu.

Thug baill éagsúla den fhoireann le fios don GPA go bhfuil fonn orthu timpeallacht Ghaelach an Choláiste a bhuanú agus a neartú. Níl amhras ná go mba mhór an tairbhe do na mic léinn é sin. Chuaigh dea-thoil an Uachtaráin agus an Lucht Riaracháin ina leith seo i bhfeidhm ar an nGPA, agus thug an Grúpa faoi deara go háirithe an chuma bhreá nádúrtha a mbíonn freastal á dhéanamh trí Ghaeilge i Leabharlann an Choláiste agus sa Trealamhlann.

8.3. Cúrsaí Léinn

Is dúshlán leanúnach d'aon institiúid teacht ar chothromaíocht idir dréachtadh cúrsaí, croí-lár an ábhair agus éagsúlacht agus taibhsiúlacht ó thaobh cur i láthair de. Ba léir don GPA go bhfuil tuairimí éagsúla sa Roinn faoi conas mar a chruthaigh an Roinn go dtí seo ón taobh seo de, agus tuigeadh leis, gur gá don Choláiste breis acmhainní a chur ar fáil le tacú leis seo agus go mbeadh toradh suntasach ceannródaíoch ar a leithéid.

Molaimid an fhorbairt thábhachtach atá déanta ar na cúrsaí iarchéime. Tugadh ceannródaíocht le MA i staidéar ar an aistriúchán, tá ag éirí go maith le cúrsa MA le damhnaí teagaisc agus miontráchtais, agus is mór an sásamh an gheallúint atá faoi chéimeanna PhD a stiúrú. Is ceart an freastal faoi leith a dhéantar ar mhic léinn Erasmus, a lua rud a léiríonn dearcadh oscailte idirnáisiúnta agus gnaíúlacht mar is cóir, agus arb ionann é agus mórshaothar taidhleoireachta don léann Éireannach i gcomhthéacs na hEorpa.

8.4. Taighde

Tá páirt lárnach ag saothar eagarthóireachta agus foinse-thaighde na foirne i saol na tíre. Treisíonn éirim léinn seo na foirne le meon an taighde a spreagadh agus a threisiú i measc na mac léinn, agus múintear dóibh go nádúrtha as taithí dá leithéid conas a gcuid féin a dhéanamh den ábhar.

Ag éirí as ardsheasamh na mball foirne ó thaobh léinn, taighde, agus foilseachán, is nádúrtha ach fós is suntasach an ní go bhfuil éileamh orthu ag institiúidí oideachais eile mar léachtóirí, mar chomhairleoirí, agus mar scrúdaitheoirí seachtracha. Liosta le n-áireamh na hinstitiúidí seo, ach ina measc tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste; agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Léargas é sin ar an ardmheas atá tuillte le feabhas a gcuid léinn agus múinteoireachta ag na baill foirne.

Ní lasmuigh de Choláiste Phádraig amháin atá ceannródaíocht á tabhairt ag Roinn na Gaeilge. Tá cáilíocht ghairmiúil mhúinteoireachta ag na baill foirne uile, agus dá chomhartha sin féin tá taithí agus tuiscint acu ar mhúineadh de gach saghas a bhíonn i gceist ina gColáiste féin. Bíonn siad gníomhach i gCoistí de chuid an Choláiste ar gach leibhéal. Tá baint acu leis an gComhairle Acadúil agus le haonaid eile – ina measc Buanchoiste na Comhairle Acadúla, an Coiste Idir-Rannach, an Coiste Taighde, Bord Teagaisc an MA, an Coiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta, an Coiste Idirchultúir, an Coiste Sóisialta, Coiste na Gaeilge, Bord Eagarthóireachta *Studia Hibernica*, agus an Coiste um Phleanáil Straitéiseach. Tá ballraíocht, leis, ag an Roinn ar Chomhairle Acadúil Ollscoil Chathair Átha Cliath, agus ar Choiste na Roinne Oideachais agus Eolaíochta um Chúrsaí Gaeltachta.

8.5. An Coláiste

Léargas maith is ea leithead an tsaineolais sin ar a thábhachtaí atá saothar na Roinne chun leasa an oideachais agus chun cothaithe na timpeallachta léannta i saol Choláiste Phádraig agus i saol na hÉireann trí chéile. Tá dearcadh cúntach deimhneach ag an bhfoireann i leith an Choláiste ar fad, agus is mór an mhaise ar an gColáiste a gcuid oibre, ní hamháin ó thaobh an riaracháin agus an léinn, ach ó thaobh an tsaoil shóisialta chomh maith. Tuigeadh don GPA gur breá mar a thuigeann údaráis Choláiste Phádraig an fioras sin, ach mar sin féin is fiú é a lua arís go bithchinnte sa tuairisc seo.

9.Na Cúrsaí Léinn

Thart ar 1,750 mac léinn a bhí sa Roinn sa bhliain 2004-2005. Dúshlán an-mhór é seo don fhoireann, agus gan ach léachtóir buan amháin in aghaidh 195 scoláire (TF 12), trí chineál cúrsa fochéime ar bun, cúrsa sa Ghaeilge Ghairmiúil d'iarchéimithe agus cúrsa iarchéime múinte.

9.1. Foireann

Is gá cúigear nó seisear teagascóirí teanga a fhostú ar bhonn lánaimseartha le buanaíocht agus leanúnachas a dheimhniú don Roinn agus do na mic léinn. Aithnítear an chomaoin mhór a chuireann na teagascóirí páirtaimseartha ar an Roinn agus cé gurb é rogha roinnt teagascóirí gan post lánaimseartha a bheith acu, níl an scéal reatha sásúil nuair nach féidir rialtacht ná leanúnachas a chinntiú, agus níl na coinníollacha oibre (éiginnteacht ó bhliain go bliain, líon uaireanta, cóiríocht oifige, trealamh, cúrsaí oiliúna) sásúil dóibh siúd fiú a roghnóidh obair pháirtaimseartha. Chuaigh na teagascóirí páirtaimseartha atá ann cheana i gcion go mór ar an GPA le feabhas a gcuid Gaeilge agus lena ndíograis, agus molaimid go láidir nach mbainfí puinn dá seasamh, go mbeadh rogha ag an bhfoireann reatha idir obair pháirtaimseartha agus lánaimseartha.

9.2. Cur i bhFeidhm na gCúrsaí

Bíonn dhá ghné ag baint le haon chúrsa céime sa Ghaeilge, an cúrsa acadúil agus an cúrsa teanga. De bharr líon mór na mac léinn sa Choláiste seo agus an líon foirne atá ag freastal orthu, tá cur i bhfeidhm an chúrsa léinn ag brath go mór ar léachtaí mar mhodh teagaisc agus teagmhála agus níl deis cheart ann an mhúinteoireacht a dhéanamh i mbuíonta níos lú (17 an meán sna seimineáir, TF 13). Aithníonn an fhoireann gur laige é líon na mac léinn sna buíonta i gcás léachtaí agus seimineáir (TF 4,b 104).

Dúshlán eile an éagsúlacht caighdeáin a bhíonn ag na scoláirí, go háirithe ó thaobh labhairt na teanga de. Cúis imní ar leith é seo i gcás an B.Oid mar gur dlúthchuid de churaclam na bunscoile é múineadh na Gaeilge, agus gur gá a dheimhniú go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag mic léinn ar fhágáil an Choláiste dóibh. Luaigh gach dream ar bhuail an GPA leo, idir fhoireann agus mhic léinn an dúshlán atá ann maidir le cur le scileanna cumarsáide na mac léinn. Léiríodh imní ar leith ó thaobh na Gaeilge Gairmiúla de, sa dara bliain go háirithe, áit nach mbíonn ach seimineár amháin ann in aghaidh na seachtaine agus gan de sprioc measúnaithe ann ach scrúdú cainte ag deireadh na bliana. Tá dhá dtrian den chúrsa teanga á mhúineadh ag foireann pháirt-aimseartha, foireann nach bhfuil fáil ag an gColáiste ná ag na scoláirí orthu ach le

linn na n-uaireanta a mbíonn siad ag teagaisc. Deacracht ar leith é seo ó thaobh na ndaoine laga de, mar nach bhfuil córas sásúil ann le daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu a aithint agus nach bhfuil córas rialta leanúnach ann le go bhféadfaí tacaíocht a chur ar fáil dóibh. Cuireann roinnt den fhoireann ranganna breise teanga ar fáil ar bhonn deonach ach ní freastal iomlán é sin. Is maith ann an Seomra Caidrimh ach arís is ar bhonn deonach, neamhrialta a bhíonn deiseanna teagmhála ag mic léinn le cainteoirí maithe Gaeilge ann.

Déantar an chuid is mó den mheasúnóireacht ar bhonn scrúduithe ceann cúrsa. Moltar iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna measúnaithe eile ina gcuirfí rannpháirtíocht i seimineáir teanga, obair chúrsa, tionscadail agus aistí taighde san áireamh.

Tugadh faoi deara go bhfuil gá muinín na mac léinn a spreagadh agus a chothú. Ba léir gur bhraith cuid de na mic léinn ar bhuail an GPA leo nach cás leis an Roinn daoine laga, gur mó a spéis i mic léinn a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu.

Moltar i gcás na mac léinn laga:

- Oifigeach liason a cheapadh dóibh
- Córas comhairleoireachta a chur i bhfeidhm dóibh
- An córas “oide pearsanta” a leathnú amach do chuile chineál mac léinn
- Níos mó deiseanna neamhfhoirmiúla do labhairt na teanga a chur ar fáil dóibh.

9.3. Stiúradh na gCúrsaí

Tá córas i bhfeidhm faoi láthair áit a bhfuil stiúrthóir i gceannas ar gach cúrsa (TF 27-36). Braitheadh go bhfuil easpa comhordaithe ar chuid den obair seo agus gur cheart beirt Ghairmiúil.chomhordaitheoirí a cheapadh a bheadh freagach as an nGaeilge Ghairmiúil agus as an nGaeilge Acadúil.

9.4. Ábhar na gCúrsaí

Maidir leis na cúrsaí litríochta a mhúintear, molann an GPA an éagsúlacht, an nuálacht agus an chomhaimsearthacht a bhaineann leo. Moltar freisin an tsolúbthacht atá sa leagan amach a cheadaíonn na cúrsaí a leasú agus a athrú de réir mar a theastaíonn. Is breá mar a chothaíonnn spéiseanna taighde na mball foirne an clár léinn agus cuireann sé le saibhreas an chláir atá ar fáil do mhic léinn na Roinne. Moltar freisin go bhfuil cúrsaí roghnacha ar fáil.

Níorbh fholáir cúram a dhéanamh de nach bhfuil trasnaíl i gceist le cuid de na cúrsaí. Tá roinnt cúrsaí ar an gclár a bhfuil cuma orthu go bhfuil

siad an-ghaolmhar lena chéile. Leis an éagsúlacht a thairisicítear, agus de bhrí go n-athraítear cúrsaí go rialta, caithfear a chinntiú go bhfuil bunfhealsúnacht ag sníomh tríd an gcúrsa ar fad. Chuige sin moltar go ndeimhneofaí croí-chúrsa, go scrúdófaí ábhar gach modúil go mion agus go seachnófaí athrá. Is ceart go mbeadh modúil roghnacha mar chuid den chúrsa i gcónaí ach caithfear an croí-chúrsa a chinntiú ar dtús.

Tá borradh faoin nGaelscolaíocht sa tír. Tá tuiscintí nua ann anois ar dhúshláin an teagasic i scoileanna Gaeltachta. Ní mór do chúrsa Gaeilge i gcéim oideachais aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo agus cé go dtuigtear go mbaineann cuid den cheist seo le modhanna múinte na teanga is ceisteanna sochtheangeolaíochta iad freisin agus moltar iad a bheith san áireamh sna cúrsaí sin.

Maidir leis na cúrsaí praiticiúla, moltar go gcuirfí tacaíocht ar fáil do mhic léinn le níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin. Moltar go n-áiseofaí forbairt ar chúrsaí agus ar áiseanna féinteagaisc agus go gcuirfí le háiseanna na Roinne leis an bhféinteagasc a éascú. Ní bhaintear leas as an teanglann faoi láthair: tá an córas féin as dáta, níl mórán ábhair ann agus caitear í a roinnt le ranna teanga eile. Moltar go mbeadh teanglann ar leith sa Choláiste do Roinn na Gaeilge amháin, í ar ardchaighdeán agus go mbeadh Stiúrthóir ann a riarfadh í ó thaobh ábhair a sholáthar, a athnuachan agus oiliúint a chur ar an bhfoireann agus ar na mic léinn.

Caithfear níos mó béime a chur ar shealbhú agus ar chleachtadh na teanga, sa chéad bhliain go háirithe, agus is ceart breathnú ar fhoirmlí a laghdódh líon na léachtaí agus a chuirfeadh le scileanna cumarsáide lucht na céad bhliana go sonrach. Moltar breathnú ar dhianchúrsa teanga amháin a mhúineadh sa chéad chúpla seachtain den chéad bhliain nó breathnú ar chúrsa teanga roimh thús an chúrsa nó thar roinnt deirí seachtaine.

Tuigeann an GPA gur ceist foirne agus acmhainní í seo, ach caithfear tabhairt faoi cheist na teanga. Ábhar buartha é seo a phléigh gach dream a bhuail leis an nGPA. Tagann mic léinn isteach ó chóras a bhfuil béim ar an léamh agus ar an scríobh agus i gcás lucht an B.Oid. go háirithe bíonn géarghá acu le Gaeilge a labhairt mar gur ábhair múinteoirí iad agus cheal taithí ar an ngné sin den Ghaeilge go dtí sin, scanraítear cuid díobh agus is deacair acu téarnamh ón gcéad gheit sin.

9.5. Cúrsaí Gaeltachta

Is riachtanas de chuid na Roinne Oideachais náisiúnta é go gcaithfidh gach mac léinn oideachais tréimhse sa Ghaeltacht. Is cuid de riachtanas an chúrsa Gaeilge B.Oid. é mar sin. Moltar go mbeadh ceangal i bhfad níos doichte idir Roinn na Gaeilge agus na cúrsaí Gaeltachta le hábhar agus caighdeán na gcúrsaí a mheas agus le tábhacht na gcúrsaí a léiriú do na mic léinn. Moltar go dtabharfadh baill foirne cuairt ar an cúrsaí chomh maith.

9.6. Mic Léinn ón nGaeltacht

Cuirtear riar áiteanna ar leataobh sna cúrsaí oideachais do mhic léinn Ghaeltachta. Moltar go ndéanfaí cúram ar leith do na mic léinn seo, go dtabharfaí aird go háirithe ar shaibhriú teanga.

9.7. Naisc le Foireann Churaclam na Gaeilge

Moltar forbairt a dhéanamh ar na naisc atá á gcothú idir an cúrsa sa Ghaeilge Ghairmiúil agus léachtóirí modhanna múinte na Gaeilge. Moltar breathnú ar bhealaí go bhféadfaí tógáil air seo agus forbairt a dhéanamh sa dara bliain go háirithe trí thionscadail teagasc-lárnaithe a chur chun cinn mar sprioc breise, go háirithe ó airíonn teagascóirí agus scoláirí nach leor an scrúdú cainte ceann cúrsa mar an t-aon sprioc atá sa chúrsa sa bhliain sin.

10. Cumarsáid agus Teagmháil

10.1. Cumarsáid leis an bPobal Mór

Tá an cumas suntasach atá ag baill Roinn na Gaeilge ar chumarsáid a dhéanamh ar cheann de bhuanna móra na Roinne. Tá próifil an-ard aici i saol sóisialta agus cultúrtha na tíre de bharr chumas na mball cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal mór. Cuireann na baill go mór le léann na Gaeilge, leis an dioscúrsa sóisialta agus poilitiúil, le díospóireacht ar chúrsaí reiligiúin, le díospóireacht ar chúrsaí oideachais, agus dar ndóigh le cúrsaí teanga agus litríochta. Tá spéis intleachtúil ag na baill i raon leathan ábhar agus tá meas agus éileamh orthu mar chainteoirí ag comhdálacha sa bhaile agus thar lear i ndisciplíní éagsúla.

10.2. Cumarsáid le Pobal Iomlán an Choláiste

A bhuíochas cuid mhaith do scileanna cumarsáide bhaill na Roinne, tá seasamh an-ard ag an nGaeilge sa Choláiste. Dá bharr seo, bíonn líon suntasach d'fhoireann an Choláiste ag freastal ar chúrsaí le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó i gcás bhaill foirne a hoileadh taobh amuigh d'Éirinn, Gaeilge a fhoghlaim mar thosaitheoirí. Mhúin cuid de bhaill na Roinne roinnt de na cúrsaí seo ar bhonn deonach. Chomh maith leis seo, bíonn baill na Roinne sásta cúrsaí nua a thionscnamh agus dul i gcomhpháirtíocht le ranna eile le comhchúrsaí a reachtáil sa Choláiste agus san Ollscoil, faoi mar atá le feiceáil i ndearadh cúrsa don Léann Éireannach mar ábhar céime agus sa cheannródaíocht a rinne siad ar an MA i Léann an Aistriúcháin i gcomhpháirt le DCU (TF 16, 3.7). Tá baill na Roinne gníomhach i ngach gné de shaol riaracháin, de shaol sóisialta agus de shaol cultúrtha an Choláiste agus cuireann siad le haitheantas coláisteach na háite (TF 17, 3.9). Bhí baill na Roinne gníomhach i mbunú Choiste na Gaeilge, agus leanann siad ag tabhairt treoracha agus tacaíocht sheasta don choiste ina chuid iarrachtaí seasamh agus úsáid na Gaeilge sa Choláiste a threisiú. Bhí siad gníomhach freisin i mbunú an phoist pháirtaimseartha atá ann d'Oifigeach na Gaeilge. Cé go luaitear (TF 17, 3.10) gur dóigh gur míbhuntáiste riaracháin é nach bhfuil aon lár-ionad ag Roinn na Gaeilge, seans go dtacaíonn sé le próifíl na Gaeilge i saol poiblí agus sóisialta an Choláiste go bhfuil oifigí na mball scaipthe ar fud an champais agus go n-éascaíonn sé seo teagmháil le baill foirne i ranna eile.

10.3. Cumarsáid le Roinn an Oideachais; le Foireann Churaclam na Gaeilge go hÁirithe

Tagraíonn TF don nós atá ag Roinn na Gaeilge a bheith ag comhoibriú le Roinn an Oideachais. Tugtar faoi deara go bhfuil cáilíochtaí múinteoireachta ag an mbun- agus ag an meánleibhéal ag go leor de bhaill na Roinne. Léirítear freisin go bhfuil siad tiomanta ar bhonn leanúnach a bheith páirteach sa chleachtadh múinteoirechta sa chéim B.Oid. (TF 16, 3.6 agus 3.7). San anailís BLOB luaitear gur údar imní an chumarsáid le foireann churaclaim na Gaeilge (TF 104, 2c, agus 105, 2a). Luaitear freisin go bhfuil féidearthachtaí ann maidir le forbairtí.

Is gá roinnt struchtúir fhoirmiúla a chur sa tsiúl le cur leis an gcumarsáid leis an bhfoireann seo. Moltar féidearthacht amháin i bPlean Stráitéiseach na Roinne (PSR 237), 'Comhoibriú le ranna eile sa Choláiste' agus le 'aonad na Gaeilge Gairmiúla'. Luaitear 'Litríocht do Pháistí, An Ghaeilge sa Bhunscoil, agus An Ghaeilge sa Chóras Oideachais' mar ghnéithe a bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu. De bhrí go bhfuil nasc díreach idir na hábhair seo agus obair fhoireann Mhúineadh na Gaeilge, bheadh gá le comhoibriú dlúth agus íogair ach d'fhéadfadh toradh fiúntach a bheith air. Is minic go mbíonn sé deacair línte dealaithe traidisiúnta a thrasnú ach d'fhéadfadh an-torthaí a bheith ann. Seans go bhféadfaí fochoiste beag a bhunú sa Roinn le teacht ar fhoirmlí leis an bpróiseas seo a chur chun cinn.

10.4. Cumarsáid Inmhéanach idir Baill na Roinne

Léiríodh sástacht ina leith seo (TF 103, 2a) agus sna hagallaimh le baill na foirne, go háirithe ó thaobh cáirdiúlachta, dea-thola, muinín as a chéile agus ó thaobh tacaíochta de. Luadh go sonrach go spreagann an tacaíocht dhearfach a léiríonn Ceann na Roinne maidir le héachtaí taighde, agus smaointe maidir le forbairt cúrsaí, caidreamh maith oibre. Fós féin, bhí roinnt imní ann maidir le heaspa struchtúir fhoirmiúla cumarsáide (TF 104, 2a agus d), go háirithe ó thaobh easpa deiseanna spéiseanna agus torthaí taighde a roinnt agus a phlé le comhghleacaithe Roinne.

Seans go bhféadfaí an cineál seo tacaíochta foirmiúla a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla: m.sh. seans gur ionad oiriúnach a bheadh sa Seomra Caidrimh do shraith seimineáir neamhfhoirmiúla taighde, nó d'fhéadfaí cur leis an seimineár taighde atá ann cheana féin sa chúrsa MA sa Ghaeilge le cumarsáid a dhéanamh le pobal Léann na Gaeilge taobh amuigh den Choláiste.

10.5. Cumarsáid le Baill Pháirtaimseartha na Roinne

Léirigh an fhoireann bhuan an-bhuairt de bhrí go bhfuiltear ag braith go mór ar fhoireann pháirtaimseartha le ranganna teanga a chur ar fáil, agus go gcaithfidh líon na foirne sin a bheith chomh mór sin (TF 104, 2b, 3 a). Tá gá le struchtúir níos fearr cumarsáide a bhunú idir an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha. Chuir an fhoireann pháirtaimseartha féin a nguth go láidir leis seo sna hagallaimh a bhí acu leis an nGPA. Dúirt siad gur mhian leo go mbeadh níos mó eolais acu faoi na forbairtí taobh istigh den Roinn agus sa Choláiste trí chéile agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi imeachtaí sóisialta agus cultúrtha sa Choláiste. Luaigh siad go sonrach go bhfuil gá le breis rannpháirtíochta i gcruinnithe nó go bhféadfaí cruinnithe foirmiúla a bheith acu le Stiúrthóirí na gcúrsaí. Luadh go dteastódh cruinniú mar seo faoi dhó sa seimeastar.

Moladh go gcuideodh teagmháil ríomhphoist leis an bhfoireann seo le cumarsáid a fheabhsú. Seans go gcuideodh nuachtlitir rialta don fhoireann pháirtaimseartha leis seo freisin.

Moltaí maidir le cumarsáid leis an bhfoireann pháirtaimseartha

- Cruinnithe breise, ceann nó dhó sa seimeasatar b'fhéidir leis na baill Roinne chuí.
- Cur leis an teagmháil ríomhphoist leis an ngrúpa seo.
- Nuachtlitir rialta don fhoireann pháirtaimseartha le baill a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí sóisialta agus cultúrtha sa Choláiste.

10.6. Cumarsáid le Mic Léinn na Gaeilge Trí Chéile

Chuir an fhoireann agus na mic léinn béim go mion minic, sa TF agus sna hagallaimh leis an nGPA ar an ngá atá le cumarsáid níos fearr agus le struchtúir níos fearr le feabhas a chur ar an gcumarsáid idir an fhoireann agus na mic léinn. Os rud é go bhfuil líon na mac léinn sa Roinn an-mhór ar fad agus go bhfuil an fhoireann bhuan réasúnta beag i gcoibhneas leis sin, is beag an t-iontas go roinneann dúshlán le cúrsaí cumarsáide. Is furasta a thuiscint gur mó na deacrachtaí a thagann chun cinn sna grúpaí móra ná sna grúpa beaga. Aithníonn cuid den fhoireann go bhfuil 'gá le córas níos fearr le haird a thabhairt ar thuairimí na mac léinn' (TF 104); cf. 'Ba mhaith an rud é bunús níos cinnte a chur faoin gcur chuige [. . .] sa Roinn le déileáil le hábhair imní nó le gearáin na mac léinn. Sa gcás go bhfuil údar míshásaimh ag mic léinn maidir leis an obair seimineáir nó le cúrsa léachta, ní léir dóibh cá háit ar chóir dóibh dul le héisteacht thuisceanach a fháil.' (TF 36, 4.5.8).

Is cinnte go gcuirfeadh leas rialta a bhaint as ceistneoirí, faoi mar a cuireadh tús leo don phróiseas seo, le cothú na cumarsáide. Caithfear

machnamh a dhéanamh ar mhodhanna eile le teacht ar fhreagra níos mó agus níos ionadaí ó na mic léinn. Tugtar aird ar leith ar seo arsa lthTF 36, 4.5.8. agus moltar go mbainfí leas as moltaí agus as tuairimí réasúnacha mac léinn mar bhonn gníomhaíochta ag leibhéal na Roinne.

Is léir gur mór an chabhair an fhorbairt a déanadh ó thaobh stiúrthóirí cúrsaí agus leabhráin soiléire cúrsaí a sholáthar le cumarsáid a éascú leis an lucht léinn.

Is ball foirne an-lárnach í Rúnaí na Roinne agus is minic gurb í is túisce a mbuaileann mic léinn chuici nuair a bhíonn deacrachtaí le sárú. Is minic go mbíonn ceisteanna leochaileacha á bplé aici leis na mic léinn agus níl sé feiliúnach go gcaitear an chumarsaid íogaireach seo a dhéanamh in oifig a roinntear le triúr eile. Moltar oifig aonair phríobháideach dá cuid féin a bheith ag Rúnaí na Roinne.

10.7. Cumarsáid leis na Mic Léinn Iarchéime

Bhíothas an-sásta go deo le cúrsaí cumarsáide le mic léinn iarchéime, m.sh. an MA sa Ghaeilge, níor luadh aon deacracht ina leith seo.

10.8. Cumarsáid le Mic Léinn an Chúrsa Dioplóma

Bhí freagra ard sástachta ar an iomlán (de bhreis ar 70%) ar an gcumarsáid / teagmháil idir an fhoireann agus na mic léinn le feiceáil sna ceistneoirí ón ngrúpa seo. (TF 93, 3). Fós féin, de bhrí gur comhdhéanamh ar leith atá sa chúrsa seo agus go bhfuil an cúrsa féin an-dian agus go mbíonn riachtanais ar leith ag cuid de na mic léinn, bíonn an baol ann i gcónaí go mbeidh cúrsaí guagach go leor faoi mar a tugadh le fios ag cuid de na hagallaimh leis an bhfoireann. B'fhiú smaoineamh ar fhreagracht riaracháin an chúrsa seo a leagan ar bhall buan den fhoireann.

10.9. Cumarsáid le Mic Léinn na Gaeilge Acadúla

Bhí mic léinn na Gaeilge Acadúla s chéad bhliain an-sásta le cúrsaí cumarsáide agus leis an teagmháil le léachtóirí (TF 78, 5 agus 7). Tháinig an scéal céanna chun cinn sa dara bliain acadúil (TF 83, 5 agus 85, 5.) Bhí titim shuntasach ann faoin tríú bliain maidir le cumarsáid leis an bhfoireann (TF l88, 5 agus 90, 5). Sin mar a bhí an scéal sna hagallaimh freisin.

10.10. Cumarsáid le Mic Léinn na Gaeilge Gairmiúla

Léirigh na mic léinn céad bhliana sa Ghaeilge Ghairmiúil a thug freagra ar na ceistneoirí leibhéal ard sástachta leis an teagmháil le léachtóirí agus le cúrsaí cumarsáide i gcoitinne (TF 80, 3 agus 5). Mar sin féin, bhí an líon daoine a d'fhreagair é chomh beag gur deacair teacht ar chonclúidí bunaithe ar staitisticí. De bhrí nach mbíonn ach seimineár

amháin sa tseachtain, agus nach mbíonn aon léacht ar chor ar bith ag muintir na dara bliana is deacair teacht ar chonclúidí faoi chumarsáid agus ní raibh aon cheist faoi chumarsáid nó faoi theagmháil le léachtóirí sa cheistneoir, rud ab amhlaidh sa triú bliain freisin. Bhí an freagra an-lag arís sa dara bliain, ach beagáinín níos fearr sa tríú bliain.

10.11. Moltaí

- Go scaipfí ceistneoirí agus go gcinnteofaí freagraí ar bhealach struchtúrtha sa Roinn.
- oide pearsanta a bheith ag gach mac léinn.
- Go mbunófaí grúpaí liaison nó le "córas ionadaithe mac léinn cuí" (TF 107) idir an fhoireann agus na mic léinn do gach cúrsa i ngach bliain.
- Go mbunófaí coiste cumarsáide idir an fhoireann agus mic léinn a bhunú a thiocfadh le chéile ar a laghad uair amháin gach seimeastar, agus miontuairiscí a choinneáil de na cruinnithe agus iad a chur ar fáil ar chlár fógraí na mac léinn.
- Go ndéanfaí forbairt ar úsáid ríomhphoist agus ar shuíomh greasáin na Roinne le teagmháil a dhéanamh le grúpaí.
- B'fhiú breathnú ar chóras mar Moodle (http://moodle.org/) a chuideodh le cumarsáid níos fearr a chothú idir lucht teagaisc cúrsa faoi leith (idir pháirtaimseartha agus lánaimseartha) agus na mic léinn a bheadh ar an gcúrsa sin.
- Go laghdófaí líon na mac léinn sna ranganna.
- Go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar ranganna roghnacha, bhí tuairiscí an-dearfacha ann ina leith seo.

10.12. Cumarsáid le Mic Léinn Eachtrannacha

De bharr go gcuirtear cúrsaí ar leith ar fáil do mhic léinn ón iasacht, mic léinn Erasmus ina measc, agus go gcuirtear in oiriúint dá gcuid sainriachtanais iad tá an-rath ar an gcumarsáid idir an Roinn agus na mic léinn seo.

10.13. Cumarsáid leis an Lucht Léinn ina Iomláine

Tacaíonn baill na Roinne go mór le himeachtaí an Chumainn Ghaelaigh agus le hOifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn. Is bunús maith an dea-obair a dhéanann na baill foirne maidir le tacú le himeachtaí sa Seomra Caidrimh i leith forbairtí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo. Chuirfeadh oifigeach lánaimseartha nó eagraí sóisialta lánaimseartha go mór leis an tionscadal seo a chur chun cinn.

11. Dearbhú Cáilíochta agus Feabhais

Is iad na príomhphrionsabail a bhaineann le dearbhú cáilíochta agus feabhais ag an tríú leibhéal ná:

- Soiléireacht maidir leis na freagrachtaí a bhíonn ar institiúidí, ranna, aonaid, coistí, baill foirne agus mic léinn.
- Soiléireacht maidir le polasaithe agus cleachtais
- Soiléireacht maidir leis an eolas a chuirtear ar fáil i dtaobh polasaithe, cleachtais, freagrachtaí agus oscailtí — eolas ba cheart a bheith le fáil go héasca.
- Inniúlacht na foirne chun a gcuid oibre a dhéanamh agus an tacaíocht chuí a bheith le fáil acu le go mbeidh sé ar a gcumas a gcuid freagrachtaí agus dualgas a chomhlíonadh.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile ar pholasaithe agus ar chleachtais ar mhaithe:
  a) Le héifeacht na bpolasaithe agus na gcleachtas a dhearbhú is a chinntiú.
  b) Leis na hiarmhairtí a aithint a d'fhéadfadh a bheith ina mbac ar dhearbhú cáilíochta agus feabhais.
  c) Más gá, polasaithe agus cleachtais nua a chur i bhfeidhm a dheimhneoidh cáilíocht agus feabhas.

Is cuid de ráiteas misin Roinn na Gaeilge gur mian léi:

- 'Barr feabhais leanúnach a bhaint amach i dteagasc na teanga'.
- 'Oiliúint ghairmiúil agus acadúil ar ardchaighdeán [a chur] ar fáil dá cuid mac léinn'.
- 'Í féin a fhorbairt ar mhodhanna agus sna réimsí teagaisc foghlama a rachaidh chun tairbhe do na mic léinn' (TF 11; PSR in TF 235).

Aithnítear gur féidir na haidhmeanna sin a chomhlíonadh ach córas cuí dearbhaithe cailíochta agus feabhais a bheith ann agus go mbeadh sé á chur i bhfeidhm. Tá, nó bhíodh, cuid den chóras a theastaíonn ag feidhmiú sa Roinn roimhe seo ach d'fhéadfaí a bhfuil ar siúl a thabhairt chun rialtachta agus níos mó a dhéanamh sa réimse seo ar mhaithe lena cinntiú go n-éireoidh leis an Roinn a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

11.1. Freagrachtaí

Tá córas freagrachta i bhfeidhm cheana sa Roinn mar a bhfuil Stiúrthóir Bliana faoi leith i gceannas ar gach bliain sa dá shruth Gaeilge Acadúil & BA, agus Gaeilge Ghairmiúil (TF 27). Dá ainneoin sin bhraith cuid den fhoireann go raibh 'gá le struchtúr freagrachta níos soiléire faoi dhualgais na Stiúrthóirí Bliana' (TF 106) agus go raibh gá le 'freagrachtaí & dualgais [na Stiúrthóirí Bliana] a thabhairt chun caighdeáin' (TF 107). Ba é tuairim an GPA gurbh fhiú Comhordaitheoirí faoi leith a cheapadh a bheadh freagrach as an nGaeilge Acadúil agus as an nGaeilge Ghairmiúil faoi seach. Bheadh de bhuntáiste ag na Comhordaitheoirí seo go mbeadh fordhearcadh acu ar struchtúr agus ar fhorchéimniú gach céime faoi leith.

11.2. Polasaithe agus Cleachtais

Tá an PSR a dearadh sa bhliain 2000 le moladh (TF 235–41). Ach áirítear 'easpa pleanála straitéisí ó bhliain go bliain ar ghnóthaí na Roinne' mar cheann de laigí struchúir na Roinne (TF 104). Ba cheart go mbeadh plé níos rialta ar cheisteanna a bhaineann le cúrsí pleanála agus straitéise ag cruinnithe foirne na Roinne.

11.3. Eolas a Chuirtear ar Fáil

Luaitear go bhfuil teagmháil dhearfach idir an fhoireann agus mic léinn (TF 103), rud a chuidíonn le cailíocht an eolais a thugtar do mhic léinn. Ba léir ó na mic léinn a casadh ar an nGPA go raibh teagmháil dhearfach idir an lucht teagaisc agus mic léinn den chuid is mó. Bhí cuid de na mic léinn den tuairim go bhféadfadh cuid bheag den fhoireann a bheith ní ba bháúla agus ní ba thuisceanaí don dream a raibh scileanna labhartha laga acu.

Tá na hEolairí nó na Leabhráin Eolais a chuirtear ar fáil ag mic léinn úsáideach. D'fhéadfaí níos mó eolais a chur ar fáil iontu áfach (m.sh. aidhmeanna, cuspóirí agus toradh gach cúrsa bliana agus gach modúil faoi leith), agus d'fhéadfadh rialtacht níos mó a bheith ann maidir leis an gcineál eolais a chuirtear ar fáil iontu.

Bhí cuid den fhoireann den tuairim nach raibh 'critéir shoiléire ann maidir le gráid do scrúduithe' (TF 106). Ba cheart go mbeadh cur síos soiléir ann ar gach grád (A, B, C, D, etc.) agus do gach cineál measúnaithe (m.sh. aistí, obair teanga idir scríofa agus labhartha), i.e. ba cheart go mbeadh critéir shoiléire (cf. pointí cóimheasta) ann a mhíníonn na scileanna agus na leibhéil chumais a mbeifí ag súil leo ag gach leibhéal nó grád. Ba cheart go mbeadh na tuairisceoirí grád seo le fáil sna hEolairí do gach bliain.

D'fhéadfaí eolas úsáideach eile a chur ar fáil sna hEolairí do gach bliain, m.sh:

a) An tábhacht a bhaineann le hobair a chríochnú in am, agus na pionóis a ghearrfar mura ndéantar obair in am.
b) Rabhadh maidir bradaíl liteartha etc.

11.4. Inniúlacht na Foirne Chun a cuid Freagrachtaí agus Dualgas a Chomhlíonadh

Aithnítear cailíocht múinteoireachta formhór na mball foirne agus caighdéan an teagaisc mar cheann de bhuanna fhoireann Roinn na Gaeilge (TF 103), agus tá neart fianaise air sin sna ceistneoirí a fuarthas ar ais ó mhic léinn. Aithnítear go rachadh sé chun tairbhe an lucht teagaisc páirtaimseartha dá gcuirfí cúrsaí inseirbhíse ar fáil dóibh (TF 35, 105).

D'fhéadfaí luacháil / breithmheas rialta (uair sa bhliain) a dhéanamh ar obair na foirne chun dul chun cinn agus riachtanais na foirne a mheas; ba cheart go mbeadh struchtúr gairme i bhfeidhm (PSR in TF 237) atá inchurtha le struchtúr gairme institiúidí tríú leibhéil eile, agus san am atá le teacht go mbeadh an próiseas breithmheasa ceangailte le harduithe céime.

11.5. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Pholasaithe agus Chleachtais

Ba cheart córas leanúnach dearbhaithe cáilíochta agus feabhais a chur i bhfeidhm ar bhonn níos rialta agus níos seasmhaí sa Roinn.

Pléitear an chumarsáid idir an fhoireann agus na mic léinn agus moltar bealaí le feabhas a chur ar an ngné seo idir leathanaigh 20 agus 22 na tuairisce seo.

11.6. Monatóireacht ar na Cúrsaí a Mhúintear

Áirítear 'easpa comhordaithe / measúnaithe rialta ar na cúrsaí a mhúintear' agus 'easpa monatóireachta ar obair na dteagascóirí agus easpa córais le déileáil le fadhbanna' ar laigí monatóireacht chaighdeán sa Roinn (TF 104; cf. 111). D'fhéadfaí seo a leasú trí:

- Ceistneoirí a dháileadh ar mhic léinn i dtreo dheireadh gach cúrsa agus modúil a mhúintear (TF 36, 111), ach féachaint chuige go bhfaightear dóthain freagraí ar ais; toisc líon mór mac léinn a bheith ag gabháil don Ghaeilge, ba cheart ceistneoirí a dhearadh a bheidh inléite ag meaisín agus ar féidir anailís a dhéanamh orthu.
- Pléghrúpaí a éascú le plé ginearálta a dhéanamh ar chúrsa léinn nó modúil faoi leith; bheadh seo úsáideach mar shampla chun áiseanna leabharlainne a phlé.

- Córas monatóireachta cuí a bhunú do gach cúrsa a mhúintear, agus foirmeacha monatóireachta a líonadh isteach gach bliain agus a choinneáil ar thaifead sa Roinn.
- Ba cheart go n-iarrfaí tuairisc scríofa ar an Scrúdaitheoir Seachtrach gach bliain, agus an tuairisc sin a choinneáil ar thaifead sa Roinn.
- Ba cheart feitheoireacht a dhéanamh ar an gCúrsa Gaeltachta.

Tá sé go maith go bhfuil solúbthacht ann maidir leis na cúrsaí léinn a sholáthraítear gach bliain. Ach ní léir cén mhonatóireacht a dhéantar ar na hathruithe den chineála dhéantar seo sa chlár léinn ó bhliain go bliain. Ba cheart go mbeadh córas monatóireachta ann chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe den chineál seo, agus lena chinntiú nach dtairgítear cúrsaí atá an-chosúil le chéile in aon bhliain amháin ag leibhéil éagsúla.

11.7. Cruinnithe Foirne

Cé go raibh cruinnithe rialta foirne ann, bhí cuid den fhoireann den tuairim go raibh 'easpa fóraim [ann] le croífhadhbanna sa Roinn a phlé agus a réiteach' (TF 106).

- Ba cheart go dtabharfaí aird ar chúrsaí monatóireachta cáilíochta agus feabhais ag cruinnithe foirne.
- Ba cheart go bpléifí ag cruinnithe foirne:
  a) Miontuairiscí chruinnithe cumarsáide na mac léinn agus na foirne.
  b) Toradh ceistneoirí agus pléghrúpaí.
  c) Foirmeacha monatóireachta na gcúrsaí léinn.